Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14195/23**

**ENV 1121
CLIMA 474
FIN 1056
COMPET 991
MI 858
IND 532
CONSOM 365**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13275/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'An geilleagar ciorclach - aistriú mall á dhéanamh ag na Ballstáit in ainneoin gníomhaíocht ón Aontas Eorpach'<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3973ú cruinniú dá cuid, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'An geilleagar ciorclach - aistriú mall á dhéanamh ag na Ballstáit in ainneoin gníomhaíocht ón Aontas Eorpach'**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1]:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'An geilleagar ciorclach - aistriú mall á dhéanamh ag na Ballstáit in ainneoin gníomhaíocht ón Aontas Eorpach';

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta agus ATHNÍONN gur rannchuidiú tábhachtach agus úsáideach iad chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na sprice comhchoitinne arb é an geilleagar a chlaochlú go córais táirgeachta agus tomhaltais chiorclacha;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI, sa chomhthéacs sin, gur ghlac an Coimisiún creat faireacháin athbhreithnithe i mí na Bealtaine 2023 ina gcuimsítear táscairí breise a rannchuidíonn le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí deartha táirgí, agus TACAÍONN SÍ le hiarrachtaí breise a dhéanamh chun bearnaí a líonadh sna sonraí atá ábhartha do dhearadh táirgí ciorclacha, i measc nithe eile;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin anailís a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta le haghaidh aistriú an gheilleagair chiorclaigh do 2030 agus ina dhiaidh sin d'fhonn forbairtí beartais a chur chun cinn agus feabhas a chur ar ghlacadh cistí;

[1] 7515/00 + COR 1.

5. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, a mheas an ndéantar maoiniú tionscadal feadh shlabhra luacha iomlán an gheilleagair chiorclaigh a éascú agus a spreagadh go leordhóthanach leis na rialacháin agus na treoirlínte maidir le Cistí Struchtúracha, agus leis na foinsí cistiúcháin eile go léir atá ar fáil, go háirithe i gcás inar airde na tionchair ar an gcomhshaol, agus go háirithe maidir le dearadh ciorclach, chomh maith lena mheas an bhféadfadh ionstraimí eacnamaíocha eile ar fud an Aontais a bheith tairbhiúil i ndáil leis sin;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh sna Ballstáit go dtí seo, Á ADMHÁIL DI AG AN AM CÉANNA go n-éilítear claochlú domhain córasach ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, lena n-áirítear an slabhra luacha iomlán agus na geallsealbhóirí uile chun aistriú chuig ciorclaíocht iomlán, agus aird ar leith á tabhairt ar ról na dtomhaltóirí, agus gur cheart túsphointí agus imthosca éagsúla na mBallstát, mar shampla úsáid amhábhair thánaistigh, a chur san áireamh, lena n-áirítear nuair a bhíonn an dul chun cinn á thomhas;

7. IARRANN SÍ ar gach Ballstát na cistí uile atá ar fáil a úsáid chun infheistiú sa chiorclaíocht feadh an tslabhra luacha ar fad, agus go háirithe i gcás inar airde na tionchair ar an gcomhshaol, chun dlús breise a chur leis an dul chun cinn, ach a sainiúlachtaí féin agus a riachtanais shonracha féin á gcur san áireamh;

8. IARRANN SÍ AR na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar a n-iarrachtaí i ndearadh táirgí ciorclacha agus ciorclaíocht na dtáirgí sin a mhéadú;

9. MEABHRAÍTEAR DI Plean Gníomhaíochta 2020 'Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach: Le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche'[2] a bhfuil sé d'aidhm aige raon feidhme na ngníomhaíochtaí maidir leis an gciorclaíocht a dhoimhniú agus a leathnú, go háirithe i ndáil le ciorclaíocht sa dearadh, agus na conclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas[3];

[2] 6766/20 + ADD 1 - COM(2020) 98 final.
[3] Conclúidí ón gComhairle arna nglacadh an 17 Nollaig 2020 (14167/20).

10. MEABHRAÍTEAR DI freisin, sa chomhthéacs sin doiciméad a foilsíodh in 2020 dar teideal Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht: I dtreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí[4] rud atá riachtanach le haghaidh ciorclaíocht shábháilte inbhuanaithe trí dhearadh, agus conclúidí 2021 ón gComhairle dar teideal 'Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair'[5];

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE foilsiú an Rialacháin maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola san Iris Oifigiúil[6], IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh eile a tosaíodh orthu ar na mallaibh, lena n-áirítear tograí reachtacha, arna dtíolacadh ag an gCoimisiún agus a bhaineann le gnéithe eile den chiorclaíocht: idir eicidhearthóireacht agus an beartas maidir le táirgí inbhuanaithe, agus an beartas dramhaíola, agus TÁ SÍ AG SÚIL LE tograí nua ón gCoimisiún lena ndéanfar tuilleadh forbartha ar an gcreat le haghaidh táirgí agus dramhaíl atá ciorclach, sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd a fógraíodh cheana;

12. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a shaothrú.

---

4 11976/20 + ADD 1 - COM(2020) 667 final.
5 Conclúidí ón gComhairle arna nglacadh an 15 Márta 2021 (6941/21).
6 IO L 191, 28.7.2023, lgh. 1–117.